

Iarratas ar Aisíoc DUAISBHANNAÍ

Nóta - Ní féidir Duaisbhannaí a aisíoc go ceann trí mhí tar éis iad a cheannach.

Ref. No.

SONRAÍ CUSTAIMÉARA/CUSTAIMÉIRÍ Féadfaidh Fianaise Chéannachta a bheidh riachtanach

TÁBHACHTACH: Léigh na nótaí thall le do thoil sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.

(1) Teideal	Céad ainm(neacha)	Sloinne	Uimhir Theagmhála Teileafóin
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
(Uasal)	Dáta breithe		
	<input type="text"/>		
(2) Teideal	Céad ainm(neacha)	Sloinne	Uimhir Theagmhála Teileafóin
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
(Uasal)	Dáta breithe		
	<input type="text"/>		
Club Cumann (más infheidhme)	<input type="text"/>		
Seoladh Líne 1	<input type="text"/>		
Seoladh Líne 2	<input type="text"/>		
Cathair	<input type="text"/>		
Contae	<input type="text"/>	Eircode	<input type="text"/>
Uimhir Chuntas Custaiméara Duaisbhannaí	<input type="text"/>		

Má tá an seoladh reatha éagsúil ón seoladh ar na Duaisbhannaí, comhlánaigh foirm Athrú Seolta atá ar fáil ó d'Oifig Phoist nó ar líne ag www.StateSavings.ie

TREOIR AISTRIÚ BAINC

Iarraim/íd, sealbhóir/í na nDUAISBHANNAÍ **faoi iamh**, aisíoc aonad de luach € , , -

Íoc ar an modh seo a leanas - (ná pioc ach rogha amháin)

Cuir chun dochair mo/ár gcuntas bainc (Tabhair sonraí IBAN thíos mar aon le cóip de ráiteas bainc:**)

IBAN

Dearbhú: Aontaím/id an luach atá iarrtha thuas a chur chun sochair don IBAN atá curtha ar fáil agus tá nótaí 5 & 6, maidir leis na cáipéisí atá riachtanach, agus sábháil agus athúsáid ionchasach an IBAN ainmnithe, léite agus tuigte againn, Tá sínithe GACH sealbhóra éigeantach agus ní mór do gach sealbhóir an dá dhearbhu ar an bhfoirm seo a shíniú.

Síniú Sealbhóir Banna (1)	Dáta	Síniú Sealbhóir Banna (2)	Dáta
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>

****TÁBHACHTACH:** Murar thug tú ráiteas bainc do Choigilteas Stáit cheana féin chun aisíocáocht a fháil, ní mór duit anois cóip de cheannpháipéar ráiteas bainc a sholáthar arna dhátú laistigh de 12 mhí a fhóiraíonn ainm, seoladh agus sonraí IBAN an tsealbhóra/na sealbhóirí cuntais. Mura soláthraítear an ráiteas bainc seo cuirfear moill ar an iarratas.

Nóta: 1. Tabhair do d'aire gur féidir an IBAN a chuirtear ar fáil thuas do shealúchais aonair Coigilte Stáit ag custaiméirí comhliontacha atá ann cheana a shábháil agus a úsáid le haghaidh gach íocaíocht Coigilte Stáit amach anseo lena n-áirítear duaiseanna.

Úsáid méid na háisíocáochta chun Duaisbhanna nua a cheannach (féadfaidh Fianaise Chéannachta a bheith riachtanach - féach nóta 3.8 thall.)

Rabhadh:

An bhfuil **a)** na bunchairteacha Duaisbhannaí agus **b)** cóip de cheanntásc ráiteas bainc más infheidhme, curtha faoi iamh agat? Mura bhfuil cuirfear moill leis an bpróiseas aisíocáochta. *Murar féidir teacht ar na Cairteacha Duaisbhannaí, féach Nóta 2 thall, Duaisbhanna Caillte.

DEARBHÚ AGUS SÍNIÚ

Cuir do shíniú thíos le deimhniú go bhfuil na nótaí thall léite agus tuigte agat lena n-áirítear na nótaí maidir le Fianaise Chéannachta agus Sonraí Pearsanta. Síniú agus cuir dáta leis.

Tá sínithe **GACH** Sealbhóra Bannaí riachtanach. Sealbhóir Banna nó Tuismitheoir/Caomhnóir Sealbhóir Banna nó Tuismitheoir/Caomhnóir

Dáta Breithe an tSealbhóra Bannaí

Dáta Breithe an tSealbhóra Bannaí

Síniú an tSealbhóra Bannaí (1)

Síniú an tSealbhóra Bannaí (2)

Síniú Tuismitheora/Tuismitheoirí / Caomhnóra/ Caomhnóirí 1

Síniú Tuismitheora/Tuismitheoirí / Caomhnóra/ Caomhnóirí 2

Dáta

Dáta

NÓTA:

1. I gcás club / cumann / cuideachta, ní mór do bheith oifigeach síniú.
2. I gcás gach Sealbhóir Bannaí faoi 18 bliana d'aois, ach os cionn 7 mbliana, ní mór do na Sealbhóirí Bannaí agus dá dTuismitheoirí/Caomhnóirí an fhoirm seo a shíniú. I gcás gach Sealbhóir Bannaí faoi 7 mbliana d'aois ní mór dá dTuismitheoirí/Caomhnóirí an fhoirm a shíniú thar a gceann.
3. Is ceart do gach Sealbhóir Duaisbhanna Dáta Breithe a chur ar fáil.
4. Tabhair do d'aire go mbeidh cruthúnas tuismitheoireachta / caomhnóireachta riachtanach chomh maith.

Iarratas ar Aisíoc DUAISBHANNAÍ

Nóta - ní féidir Duaisbhannaí a aisíoc go ceann 3 mhí tar éis iad a cheannach

1. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

Déanfar aisíocáocht mar atá roghnaithe agat thall. Ní mór don iarratas a bheith sínithe ag an Sealbhóir nó na Sealbhóirí Bannaí atá ainmnithe ar an Duaisbhanna. Tá iocáichtaí faoi réir fógra 7 lá oibre ón dáta fála. **Cuir foirm iarratais chomhlánaithe, mar aon le do Dhuaisbhannaí, ar ais chuig: Coigilteas Stáit, Duaisbhannaí, Ionad Fexco, Cill Orglan, SAORPHOST, Co. Chiarraí, V93 WN9T**

2. DUAISBHANNA CAILLITE

Murar féidir teacht ar na bun-Chairteacha Duaisbhannaí cuir nóta gearr isteach á dheimhniú sin. Tabhair aon leagan éagsúil d'ainm(neacha) agus nó sealadh/seolta a bheadh úsáidte nuair a ceannaíodh na ceannaíodh ag an gcéad Bhanna sa raon atá i seilbh. Nuair a bhíonn an fhaisnéis seo faighte ag ainmneacha teagmháil lenár gceanglais bhreise.

3. RAON BANNAÍ

I gcás go mbíonn iarratas ar aisíoc níos lú ná líon iomlán na n-aonad i mBanna iolrach, cuirfead Banna a chlúdaíonn na haonaid atá fágtha chuig an sealbhóir. Ní mór don raon Bannaí atá le haisíoc tosú ag an gcéad Bhanna sa raon atá i seilbh. Tá Duaisbhannaí a ceannaíodh ón 1 Eanáir 2002 ainmnithe in aonaid de €6.25 agus roimhe sin bhí luach de €6.35 ag aonad.

4. SEALBHÓIR BANNAÍ ÉAGTHA

Le haghaidh aisíoc Duaisbhannaí atá cláraithe in ainm sealbhóra éagtha tabhair do d'aire nach mór duit Foirm Dearbhú Aisíocáochta ar leith a chomhlánú agus na cáipéisí ábhartha a chur faoi iamh .i. Deimhniú Báis, Probháid srl. Chun tuilleadh faisnéise a fháil glaigh ar 0818 20 50 60

5. AISTRÍÚ BAINC

Iocfar airgead chuig an IBAN a tugadh sa phainéal Treoir Aistriú Bainc ar an bhfoirm seo. Féadfar an IBAN a thug tú a shábháil le haghaidh iocáichtaí leat amach anseo a bhaineann le Coigilteas Stáit. Ní mór don IBAN a thugtar a bheith in ainmneacha duine amháin ar a laghad de shealbhóirí an chuntas Coigilteas Stáit. Má chuirtear IBAN ar fáil do chuntas bainc (a) nach bhfuil in ainm gach sealbhóir cuntais Coigilteas Stáit nó (b) atá in ainmneacha tríú páirtithe sa bhreis ar shealbhóir(i) an chuntais Coigilteas Stáit, trí shíniú sa Painéal na dTeagasc Aistrithe Bainc tá tú ag údarú na cistí a íoc leis an IBAN seo. Ní bheidh GBCN ná a gníomhairí faoi dhliteanas (i gconradh, tort nó eile) as aon chaillteanas nó damáiste a bhainfidh tú amach sa chás go bhfuil an IBAN nó sonraí an chuntais a chuir tú ar fáil mícheart nó go gcuirtear ar fáil iad in earráid. Murar thug tú do sonraí IBAN do Choigilteas Stáit cheana nó má d'athraigh tú cuntas bainc ó d'aisíocáocht roimhe seo trí aistriú bainc, ní mór duit cóip de cheanntásc ráiteas bainc a chur faoi iamh (dátaithe laistigh de 12 mhí anuas) chun an IBAN agus ainm an chuntais a fhíorú. D'fhéadfadh sé go gcuirfí moill ar an bpróiseas iocáochta mura gcuirtear an cruthúnas riachtanach ar ráiteas bainc ar fáil.

6. SLÁNAÍOCHT

Tríd an bhfoirm seo a shíniú aontaíonn tú GBCN agus a gníomhairí a shlánú agus GBCN agus a gníomhairí a choinneáil slánaithe ó agus i gcoinne imeachtaí, éilimh, cailteanas agus/nó damáiste ar bith a thagann chun cinn, a fhulaingeoidh GBCN nó a gníomhairí de bharr iocáochta cistí isteach cuntas atá ainmnithe agat.

NÓTAÍ

1. Fianaise Céannachta

- Éilítear ort do chéannachta a dheimhniú linn (do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) ar son na gcriccha a leanas:
 - (a) an Comhaontú (lena n-áirítear aon Idirbheart);
 - (b) riar do Tháirge/í agus aon Táirgí Coigilteas Stáit eile a bheadh i do sheilbh anois nó sa todhchaí, agus
 - (c) críocha dlíthiúla gaolmhara, lena n-áirítear comhlíonadh oibleagáidí reachtúla frith-sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaíse.
- Féadaimid do chéannachta a fhíorú:
 - (a) go leictreonach (trí thagairt d'fhaisnéis a chuir tú ar fáil, lena n-áirítear d'Uimhir Phearsanta Seirbhís Poiblí (UPSP); nó
 - (b) de láimh (trí thagairt do dhoiciméid inghlactha bhunaídh nó cóipeanna deimhnithe atá curtha ar fáil agat, lena n-áirítear cáipéisí ar nós do phas reatha, ceadúnas tiomána reatha AE, bille fónais le déanaí, ráiteas cuntais ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa le déanaí, Carta Seirbhís Poiblí nó cáipéisí oifigiúla eile atá eisithe duit ag na Coimisinéirí Ioncaim nó ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí).
- I gcás nach bhfuil fianaise ar do chéannachta tugtha agat chun ár sástachta, cuirfidimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d'iarratas chun an Táirge a cheannach go dtí go mbíonn fianaise do chéannachta dearbhaithe chun ár sástachta. Chun amhras a sheachaint, ní fhabhróidh aon ús, bónas ná méid eile i leith Táirge le linn na tréimhse a bheidh fianaise céannachta á fhíorú faoin gcoinníoll seo.

2. Sonraí Pearsanta

- Is é GBCN an Rialaitheoir Sonraí (chun críche an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí (GDPR)) le haghaidh na sonraí pearsanta go léir a sholáthraíonn tú. Is 'comhlachtaí sonraíthe' iad an tAire Airgeadais agus GBCN chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Sóisialaigh 2005, arna leasú, faoina n-údaraithear GBCN agus an tAire Airgeadais araon próiseáil a dhéanamh a sonraí pearsanta lena n-áirítear UPSP chun críocha áirithe.
- Déanfaimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i Nóta 1 (Fianaise Céannachta) a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid:
 - (a) de réir mar is gá chun an Comhaontú a fheidhmiú (lena n-áirítear aon Idirbheart);
 - (b) chun do Tháirge/í agus aon Táirgí/í Coigilteas Stáit

- eile a bheadh agat anois nó sa todhchaí a riar, agus (c) críocha dlíthiúla gaolmhara, lena n-áirítear comhlíonadh oibleagáidí reachtúla frith-sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaíse.
- Admhaíonn tú bailiú, próiseáil agus úsáid do sonraí pearsanta (lena n-áirítear do UPSP) chun na gcriccha a leagtar amach in 2.2
- Is féidir linn, lenár nGníomhairí, agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí a ghníomhaíonn ar nó thar ár gceann chun críocha an Chomhaontaithe agus chun críocha gaolmhara dlí agus chun aon chríche eile a theastaíonn le haghaidh nó a bhaineann go réasúnach le feidhmeacht an Chomhaontaithe sonraí pearsanta a phróiseáil.
- Coinneoidimid do sonraí pearsanta chomh fada agus is mian leat leas a bhaint as aon cheann de na cearta seo, a bhfuil sealúchas agat le Coigilteas Stáit agus eile de réir an dlí infheidhmithe um chosaint sonraí agus oibleagáidí reachtúla (lena n-áirítear faoin reachtaíocht frith-sciúradh airgid).
- Faoi réir do thoilithe, féadfaimid, nó ár nGníomhairí, do sonraí pearsanta a úsáid le margaíocht a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit. Sa gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin i do sheilbh, beidh feidhm leis na sainroghanna is déanaí a léirigh tú maidir le gach Táirge atá i seilbh agat a mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta leo.
- Tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh agus cóip a fháil de do sonraí pearsanta atá á gcoinneáil againn de réir an GDPR, go gceartófaí do sonraí pearsanta i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, go scriosfaí do sonraí pearsanta, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseála do chuid sonraí pearsanta againn, agus iniomparthacht sonraí a iarraidh i ndáil le do sonraí pearsanta. Más mian leat leas a bhaint as aon cheann de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifig Príobháideachais Sonraí, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, BÁC 1, D01 F5P2.

3. Teorainneacha

- Díoltar Duaisbhannaí in aonaid de €6.25. Tá ceannachán íosta de €25 ann (4 aonad). Tabhair do d'aire nach féidir ceannacháin Duaisbhannaí a chlárú ná a iontráil sa chranchnur seachtainiúil go dtí go mbíonn an ceanglas riachtanach fíoraithe comhlánaithe (nóta 1).
- Is é €250,000 an uasteorainn sealúchais do Dhuaisbhannaí a chuirtear le Clár na nDuaisbhannaí i d'ainm ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh.
- Is é €500,000 an uasteorainn sealúchais do

Dhuaisbhannaí a chuirtear le Clár na nDuaisbhannaí i gcomh-ainmneacha ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh.

- Chun críocha uasteorainn sealúchais do Chomhshealbhóirí i nDuaisbhannaí nuachlártaite an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh a ríomh, measfar an méid a shealbhaithe i gcomhpháirt a bheidh faoi chomh-úinéireacht ag gach Comhshealbhóir agus déanfar é a ríoinn go cothrom idir gach duine de na Comhshealbhóirí.
- Ceadaítear d'aistrithe a eascraíonn as sealúchais ó oidhreacht duit thar an uasteorainn sealúchais ach tá gach aistriú eile faoi réir na huasteorainn sealúchais.
- Féadfaidh tú, laistigh de 30 lá ó lá an chranchnuir ina mbuann tú duais, d'airgead buaite a athinfeistiú i nDuaisbhannaí nua. Tá airgead buaite a athinfeistiú i nDuaisbhannaí saor ón Uasteorainn Sealúchais. Féach freisin 3.7.
- Chun críocha uasteorainn sealúchais chomhiomlán aon duine aonair i nDuaisbhannaí a ríomh, cuirfead aon bhannaí a shealbhaithe de réir choinníollacha 3.5 agus nó 3.6 le haon bhannaí a cheannaigh an duine aonair ar an 1 Samhain 2015 nó ina dhiaidh. Má shroicheann nó má sháraithe an duine aonair an uasteorainn sealúchais, ní chlárófar aon Duaisbhannaí breise don duine sin.
- Sa chás go mbriseann tú Duaisbhannaí agus go n-úsáideann tú na fáiltais chun Duaisbhannaí nua a cheannach beidh an ceannach nua seo faoi réir na dteorainneacha.
- Sa chás go bhfaightear iarratas chun Duaisbhannaí a cheannach a mbeidh sé de thoradh air go sáróidh aon pháirtí aonair den iarratas a n-uasteorainn, sa chás sin ní phróiseálfar an t-iarratas agus aisíocfar luach iomlán an iarratais.

Tá sé de cheart agat chomh maith gearán a dhéanamh le hOifig an Chóimisinéara um Chosaint Sonraí. Tá breis faisnéise ar www.dataprotection.ie

Cóip dheimhnithe

Féadfaidh tú na cáipéisí bunaidh a thabhairt chuig aon Oifig Poist mar a mbeidh oifigeach Oifig Poist in ann an cháipéis bhunaidh a chóipeáil le deimhniú gur fíorchóip den cháipéis bhunaidh é. Mar mhalairt air sin féadfaidh tú na cáipéisí bunaidh a thabhairt chuig ball den Garda Síochána nó Atúrnai, Coimisinéirí Mionnair mar ar féidir leo fótaíocháip den cháipéis bhunaidh a dhéanamh agus é a stampáil le deimhniú gur fíorchóip den cháipéis bhunaidh é.